



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Central Statistics Office

A chara,

Roghnaíodh do theaghach, mar aon le teaghlaigh eile ar fud na tire, chun bheith páirteach sa **Suirbhé ar Airgeadas agus ar Chaitheamh Teaghlaigh (HFCS)**. Faoi iámh gheobhaidh tú bróisiúr le tuilleadh eolais.

An Suirbhé

Tá an HFCS á reáchtáil ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) chun sonraí ag leibhéal an teaghlaigh a bhailíú ar airgeadas agus ar chaitheamh teaghlaigh. Úsáidfear iad chun pictiúr náisiúnta a sholáthar ar shócmhainní agus ar dhlíteanais teaghlaigh. Cinnteofar leis na sonraí seo go mbeidh an t-eolas is iomláine ag lucht déanta beartas agus iad ag déanamh cinntí a rachaidh i bhfeidhm orainn go léir.

Rúndacht

Coimeádfar faoi rún daingean an t-eolas a nochtar sa suirbhé seo agus úsáidfear é chun críocha staidrimh amháin. Foilseofar na tortaí a bhaineann leis an suirbhé seo mar aon charn eolais amháin. Deimhnítear ar bhonn dleathach go gcoiméadfar an t-eolas faoi rún faoin Acht Staidrimh, 1993.

Agallamh

Comhlíontar an ceistneoir ar ríomhaire glúine. Tá dioscaí crua ríomhairí glúine uile an CSO **criptithe** ar ardchaighdeán tionsclaíoch. Anuas air seo, tá córas ar ríomhairí glúine uile an CSO ina bhfuil mórán pasfhocal in úsáid mar chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Tá na sonraí ar fad seolta go leictreonach ón ríomhaire glúine i bhformáid criptithe go dtí ceanncheathrú an CSO, trí ‘tollán sonraí’ atá slán agus **criptithe**.

Clúdaítear sa cheistneoir na sonraí teaghlaigh seo, caitheamh, sábháil agus creidmheas. Ba mhór an chabhair d’agallóirí an ceistneoir a líonadh isteach go tráthúil agus cáipéisí áirithe acu (mar shampla ráiteas bainc, ráiteas bliantúil mórgáiste, srl.).

Tabharfaidh duine dár n-agallóirí cuairt ar do theach sna laethanta atá romhainn chun an suirbhé a dhéanamh leat nó chun am oriúnach eile a shocrú le do theaghlaich. Taispeánfaidh an duine sin aitheantas CSO le grianghraf duit. Cabhraigh linn le do thoil níos mó a fhoghlaim faoi do phobal chun pictiúr cruinn d’Éirinn a tharraingt.

De bharr go bhfuil tábhacht **náisiúnta** i gceist leis an suirbhé seo, tá síul agam go ngladfaidh tú páirt nuair a thabharfaidh ár n-agallóir cuairt ort.

Má tá ceisteanna agat, beidh áthas ar ár n-agallóir iad a fhreagairt. Is féidir glaoch a chur ar an rannóg HFCS ag an uimhir 021 4535532 nó r-phost a sheoladh chuig: hfcs@cso.ie, nó cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín an tsuirbhé: www.hfcssurvey.cso.ie.

Bheinn buíoch dfot ach na daoine eile i do theach a chur ar an eolas mar gheall ar an litir seo agus an bróisiúr atá faoi iámh.

Is mise le meas ort,

Mary Malone

Mary Malone
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Suirbhé ar Airgeadas agus ar Chaitheamh Teaghlaigh



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceicche Airde
Corcaigh
Éire
Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 498 4000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
Ireland
Dublin Office
+353 1 498 4000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555
hfcs@cso.ie
www.cso.ie